Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2023
(OR. en)

8862/23

SOC 280
EMPL 192
SAN 221

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta amháin den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair d'Éirinn<br>- Glacadh |

1. De bhun Airteagail 3 agus 4 de Chinneadh 2003 ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha ar feadh tréimhse 3 bliana.

2. Le Cinneadh uaithi an 24 Feabhra 2022[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair. Fágadh, áfach, go raibh comhaltaí agus comhaltaí malartacha áirithe fós le ceapadh tráth is faide anonn.

3. Tá ainmniúchán comhalta amháin d'Éirinn, den Choiste Chomhairleach athnuaite, faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle, mar a leagtar amach sa dréachtchinneadh ón gComhairle in 8861/23 é[3].

---

1 IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
2 IO C 92, 25.2.2022, lch. 1.
3 Bailchríoch curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta amháin den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair d'Éirinn a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.